



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2016



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Bunaíodh Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000.

Fanann cóipcheart na tuarascála seo leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí de thairbhe alt 35(5) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo nó aon chuid eile de a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur ar dhóigh ar bith gan cead sanráite an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

Is féidir an tuarascáil seo a úsáid mar áis oideachais.

Clár

Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta	5
3. Réamhrá	8
4. Achoimre de na hEachtraí a Tharla i 2016	9
5. Achoimre de na Tuarascálacha a Foilsíodh i Rith 2016	13
6. Sampla de na Cásanna a Foilsíodh i Rith 2016	21
7. Comparáidí de Thaismí Muirí 2007 - 2016	23
8. Treochtaí Báis 2007 - 2016	24

Cuid 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016	25
--	----

Tá leagan Gaeilge den Tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, nó de bhun iarratais ó Rúnaí an Bhoird.

Ráiteas an Chathaoirligh



Cliona Cassidy, B.L.,
Cathaoirleach

A Aire Uasail,

De réir riachtanais an Achta um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000, cuirim i láthair 14ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB), a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2016.

Forbhreathnú ar 2016

Bhí méadú suntasach i líon na n-imscrúdaithe a thionscnaigh an MCIB i 2016, ó seacht gcinn go 15 cheann. Ar an drochuair, freagraíonn sé seo freisin den mhéadú a tharla i líon na mbásanna. San iomlán, cailleadh naonúr in eachtraí faoi shanchúram reachtúil an MCIB. Ba mhéadú 80% é seo ar líon na mbásanna a tharla i 2014 agus 2015, le cúigear básaithe gach bliain, athrú iomlán sa treocht a bhí ann sna trí bliana roimhe sin.

Fuair ceathrar bás in eachtraí a bhain le soithí iascaireachta agus cailleadh ceathrar eile i gceithre eachtra a bhain le soithí áineasa. Cailleadh duine amháin in eachtra a bhain le soitheach paisinéirí. Mhéadaigh an líon eachtraí a tharla gortú dá mbarr ó neamhní i 2015 go 14 i 2016. Tharla na gortuithe de bharr eachtra amháin a bhain le soitheach áineasa agus i ndá eachtra a bhain le soithí paisinéirí.

Bunaíodh an MCIB 14 bhliain ó shin agus suas go dtí Nollaig 2016 tá 208 tuarascáil foilsithe aige maidir le heachtraí a tharla faoina shanchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord ocht dTuarascáil Dheiridh i 2016.

Ónar bunaíodh an MCIB tá tuiscint níos fearr ann de na contúirtí a bhaineann le soithí a láimhsiú faoi thionchar drugaí nó alcóil. Níl an teachtaireacht sin ag dul i gcion ar gach duine áfach agus tarlaíonn roinnt eachtraí i gcónaí a bhaineann le lagú de bharr drugaí nó alcóil. Sna cásanna sin, cuireann oibreoirí na soithí sin a mbeatha agus a soithí i mbaol, agus d'fhéadfadh siad beatha daoine eile a chur i mbaol freisin, lena n-áirítear baill de na seirbhísí tarrthála. Agus soitheach á láimhseáil faoi thionchar drugaí nó alcóil cuirtear beatha i mbaol. Ba mhian leis an mBord meabhú do gach oibreoir soithigh gur gá dóibh freagracht a ghlacadh go pearsanta agus a chinntiú go bhfuil siad inniúil as an turas atá beartaithe acu a dhéanamh.

Bhí líon suntasach eachtraí ann ina raibh baint nach mór ag mionathruithe a rinneadh ar shoithí leo. Ní mór d'úinéirí agus d'oibreoirí soithigh cloí leis na riachtanais rialála agus chomhairleacha cuí, mar shampla leis an gCód Cleachtas maidir le Dearadh, Tógáil, Trealamh agus Oibriú Soithí lascaireachta Beaga atá 15m nó níos lú ar Leithead nó leis an gCód Cleachtas maidir le hOibriúocht Árthaigh Áineasa. Caithfidh siad a chinntiú freisin go dtuigeann siad sonrúcháin a soitheach, mar shampla a chobhsaíocht, riachtanais airde an urláir agus na ráillí, agus na srianta agus teorainneacha maidir le lasta. Féadfaidh aon mhionathrú a dhéantar don soitheach tionchar suntasach a bheith aige ar fheidhmiú an tsoithigh agus ar shábháilteacht aon duine atá ar bord. Ní mór cothabháil chuí a dhéanamh ar aon soitheach agus a chuid trealamh ar fad. Déantar aird a dhíriú ar na contúirtí a bhaineann le heaspa cothabhála a dhéanamh ar threalamh agus ar chórais an tsoithigh in dhá thuarascáil a foilsíodh i 2016. Tá na húinéirí agus na hoibreoirí soithigh freagrach as a chinntiú go bhfuil a soitheach sábháilte agus inniúlach don turas nó don ghníomhaíocht atá beartaithe dóibh.

Ba mhaith leis an mBord an tábhacht a bhaineann le bheith ullmhaithe do thurais a athdhearbhú. Ní mór d'aon duine atá ag dul ar thuras nádúr an limistéir a thuiscint agus tuiscint a bheith aige ar dhálaí léargais agus aimsire an limistéir sin. Ní mór dóibh freisin cleachtadh a fháil ar an soitheach atá á úsáid acu, ar na teorainneacha agus na srianta atá aige, agus ar an gcineál trealamh sábháilteachta atá ar bord, agus a chinntiú go ndearnadh cothabháil chuí ar an soitheach agus ar an trealamh sábháilteachta sin. Gan a leithéid d'eolas ní féidir le hoibreoir soithigh déileáil le héigeandáil nó le hathrú aimsire mar is gá. Ar an drochuair, mar a léiríonn na tuarascálacha a foilsíodh i 2016, is féidir bás tarlú de bharr easpa eolais den chineál seo. Is féidir le heachtra tarlú go han-tapa agus ní féidir an chúis a dheimhniú gan mhoill, ach is féidir le réamhphleanáil, druileanna agus úsáid threalamh tarrthála cuí, lena n-áirítear trealamh raidió an-armhnicíochta, an difear a dhéanamh idir ghortú agus bás.

Imscrúduithe seachtracha ar Thaismí

Is é painéal imscrúdaitheoirí seachtracha an Bhoird a rinne na himscrúduithe ar thaismí ar fad. Tá cáilíochtaí teicniúla a léiríonn inniúlacht agus taithí muirí fairsinge ag comhaltaí an phainéil; ina measc tá ailtirí cabhlaigh, innealtóirí muirí agus oifigí deice.

Tuarascálacha a Foilsíodh i 2016

D'fhoilsigh an Bord ocht dTuarascáil Dheiridh i rith 2016; faightear sonraí iomlán ar na tuarascálacha seo ar leathanaigh 13 go 20.

Eachtraí i 2016

Thionscnaigh an Bord imscrúdaithe ar 15 eachtra i 2016, agus tugtar achoimre ar shonraí na n-eachtraí seo sa tábla thíos. Tugtar sonraí iomlán ar na heachtraí seo ar leathanaigh 9 go 12. Bhain sé cinn de na heachtraí le tionscal na hiascaireachta, cúig cinn leis an earnáil áineasa agus ceithre cinn le soithí paisinéirí.

Ba mhaith leis an mBord comhbhrón a dhéanamh leo siúd ar fad a fágadh faoi bhrón de bharr na n-eachtraí seo.

Earnáil	Eachtraí	Bánna	Básanna	Gortuithe
Iascaireacht	6	2	4	NEAMHNAÍ
Lasta Ginearálta	NEAMHNAÍ	NEAMHNAÍ	NEAMHNAÍ	NEAMHNAÍ
Soithí Áineasa	5	1	4	1
Soithí Paisinéirí	4	NEAMHNAÍ	1	13
Iomlán	15	3	9	14

Soithí Iascaireachta

Tharla sé eachtra a bhain le soithí iascaireachta, ceithre cinn díobh a bhí marfach.

- FV Carraig Chuin 20 Márta 2016
- FV Sean Anthony 10 Aibreán 2016
- FV Cu na Mara 30 Meitheamh 2016 (marfach)
- Lough Corrib II ag Pointe Thamhain 7 Meán Fómhair 2016 (marfach)
- FV Endurance 8 Samhain 2016 (marfach)
- FV Kerri Heather 16 Samhain 2016 (marfach)

Árthaigh Áineasa

Tharla cúig eachtra a bhain le hárthaigh áineasa, ceithre cinn díobh a bhí marfach.

- Kenmare Bay 31 Eanáir 2016 (marfach)
- Castleconnell 4 Feabhra 2016 (marfach)
- Pegasus 9 Aibreán 2016
- Lough Corrib 26 Bealtaine 2016 (marfach)
- Bluebird II 15 Lúnasa 2016 (marfach)

Soithí Paisinéirí

Tharla ceithre eachtra a bhain le soithí paisinéirí, ceann amháin díobh a bhí marfach.

- MV Epsilon 8 Feabhra 2016
- MV Rose of Aran 6 Meitheamh 2016
- PV Mary Ann of Dunloe 1 Meán Fómhair 2016
- IRCG Delta RIB an Gharda Cósta 12 Meán Fómhair 2016 (marfach)

Tá táblaí mionsonraithe de na heachtraí a tharla sna blianta 2007 go 2016 le fáil ar leathanaigh 23 agus 24 den tuarascáil seo. Tugtar achoimre ar na heachtraí ar fad a tharla sna blianta seo sa tábla thíos.

	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Básanna	17	9	6	18	7	13	6	5	5	9
Gortuithe	2	Neamhnaí	Neamhnaí	2	Neamhnaí	4	Neamhnaí	1	0	14
Soithí i gceist	20*	10	6	18	12**	17	6	7	7	15

*Ní an eachtra a tharla ag Regatta Dhún Laoghaire i 2007 san áireamh sa bhfigiúr seo, eachtra ina raibh go leor bád beag, báidíní calaidh agus easnacha i gceist

**Níl an eachtra a tharla ag Ceann Chlochair i 2011 san áireamh sa bhfigiúr seo, eachtra ina raibh go leor cadhcanna agus páistí i gceist

Cúrsaí Airgeadais

Don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2016, thaifead an Bord easnamh oibriúcháin de €48,220, agus easnamh carnach de €40,267 i 2002 – 2016 dá bharr. Leagtar amach ráitis airgeadais iniúchta go hiomlán ar leathanaigh 25 go 36. Is de bharr roinnt tuarascálacha atá idir lámha ach nár íocadh go fóill iad an t-easnamh seo den chuid is mó. Fuarthas maoiniú i 2017 agus táthar ag súil leis go bhfaighfear maoiniú amach anseo le cinntiú gur féidir leis an mBord gach dliteanas atá aige a íoc.

Eitic in Oifigí Poiblí

I rith 2016, bhí gach comhalta den Bhord ag comhlíonadh na bhforálacha agus na riachtanais is infheidhme de réir na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Nótaí Buíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a n-iarrachtaí seasmhacha i rith 2016; ní fhéadfadh an Bord a chuid oibre a dhéanamh gan iad. Is trua linn imeacht Brian Keane agus Micheál Frain agus a dtréimhse oifige ar an mBord ag teacht chun críche i Márta 2016 agus i bhFeabhra 2017 faoi seach. Ba mhaith liom gach rath a ghuí orthu sa todhchaí agus buíochas a ghabháil leo as an obair iontach a rinne siad i rith a dtréimhse oifige leis an mBord.


Ní bheadh muid ábalta ár gcúraimí a chomhlíonadh d'uireasa obair éifeachtúil ár bpainéal imscrúdaitheoirí agus obair Tom Power, an tImscrúdaitheoir Comhordúcháin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a n-iarrachtaí ar fad i gcur le chéile ár dtuarascálacha i rith na bliana.

Caithfear freisin aitheantas a thabhairt d'obair na Rúnaíochta; d'uireasa a gcuid scileanna agus taithí ní fhéadfadh an Bord feidhmiú. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an obair chrua agus as an díograis a léirigh siad i dtimpeallacht dhúshlánach le hacmhainní teoranta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil as an gcabhair a thug sibh agus bhur n-oifigigh don Bhord i rith 2016.

CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
Cliona Cassidy, B.L.,



Leas-Cathaoirleach:
An tUasal Brian Keane



Comhalta Boird:
An tUasal Micheál Frain



Comhalta Boird:
**An tUasal Brian Hogan,
Príomhshuirbhéir
An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**An tUasal
Jurgen Whyte,
Príomhimscrúdaithe
oir Taisní Aeir, an
tAonad um Imscrúdú
Aerthionóiscí (AAIU),
an Roinn Iompair,
Turasóireachta
agus Spóirt**

Rúnaí: Margaret Bell Uasal
 Rúnaíocht: Assumpta Dowd Uasal
 Monica Quinn Uasal
 Oifig Chláraithe: Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.
 Guthán: 01 - 6783485
 Facs: 01 - 6783493
 R-phost: info@mcib.ie
 Suíomh Gréasáin: www.mcib.ie

Iniúcháirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
 Foirgneamh an Stáitchiste
 Caisleán Bhaile Átha Cliath
 Baile Átha Cliath 2.

Seo a leanas roinnt eolas ginearálta faoin mBord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000.

Feidhm an Bhoird

Is í feidhm an MCIB ná imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear iad in Alt 2 den Acht. Le linn dó a chuid feidhmeanna a chur i gcrích comhlíonann an MCIB forálacha Cód Imscrúdú ar Thaismí na hEagraíochta Muirí agus forálacha Treoir AE 2009/18/CE ag rialú imscrúdaithe ar thaismí san earnáil iompar muirí. Tugtar éifeacht do Threoir AE 2009/18/CE i nDlí na hÉireann trí S.I. Uimh. 276 de 2011.

Ciallaíonn Taisme Muirí aon eachtra nó próiseas a bhfuil mar thoradh air nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air:

- (a) bás nó gortú tromchúiseach duine;
- (b) cailleadh duine thar bord;
- (c) cailleadh suntasach nó sáinníú, damáiste, nó imbhuailt a tharlaíonn do shoitheach nó do réadmhaoin; nó
- (d) damáiste suntasach don timpeallacht

ag baint le feidhmiú:

- (i) soithigh in uiscí na hÉireann;
- (ii) soithigh atá cláraithe in Éirinn, in uiscí ar bith; nó
- (iii) soithigh a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uiscí na hÉireann go hiondúil agus atá faoi smacht áitritheora den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá le taobh uiscí na hÉireann.

Is é cuspóir gach imscrúdú ná:

1. Cúis nó cúiseanna taisme muirí a dheimhniú.
2. An taisme muirí a thuaraisciú d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí cosúla a sheachaint sa todhchaí.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH é cuspóir an imscrúdaithe an locht nó an milleán a chur ar dhuine nó ar ghrúpa éigin. Tá feidhm neamh-ionchúiseach ag an mBord. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon taisme, is í feidhm Comhlachtaí Reachtúla ar nós an Garda Síochána, srl., déileáil leis.

Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách an MCIB atá maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil dheiridh ar aghaidh chuig an Aire le go ndéanfar breithniú ar na moltaí atá ann. Cuirtear gach tuarascáil ar fáil don phobal (ach iad a iarraidh) saor in aisce nó is féidir rochtain a fháil orthu trí shuíomh gréasáin an MCIB ag www.mcib.ie.

Imscrúduithe & Tuarascálacha 2016



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Réamhrá

Ónar bunaíodh é i 2002, agus suas go dtí deireadh 2016, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi 208 gcás.

Léiríonn na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a raibh baint acu le agus a spreag gach eachtra, agus tugann siad léargas áirithe den léitheoir faoi ábhar agus obair an Bhoird. Úsáidtear an leagan amach céanna do gach tuarascáil chun deis a thabhairt do dhaoine comparáidí a dhéanamh le heachtraí agus tuarascálacha na blianta roimhe seo.

Foilsítear gach tuarascáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá líon teoranta cóip chrua ar fáil ar iarratas don Rúnaíocht.

Achoimre ar na hEachtraí a Tharla i Rith 2016

1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Léiríonn siad seo na hEachtraí a bhfuil an Bord ag déanamh imscrúdaithe orthu ó 2016 ar aghaidh.

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA AN EACHTRA	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	BÁSANNA
Cuan an Neidín	31 Eanáir 2016	Canú Áineasa	Tiontú	Tráthnóna an 31 Eanáir 2016 d'imigh beirt agus dhá mhadra i gcanú ón trá i gcomharsanacht na seanreilge, Teampall Nua, Co. Chiarraí chun dul ar thuras foghlaeireacht lachan ar oileán in aice láimhe. Go luath tar éis dóibh imeacht thiontaigh an bád agus thit an bheirt isteach san uisce. Tarrtháladh duine amháin; Aimsíodh corp an dara duine an lá dár gcionn an 1 Feabhra 2016.	1
Castleconnell	4 Feabhra 2016	Bád áineasa oscailte/mótair	Tiontú	Luath maidin Déardaoin ar an 4 Feabhra 2016, thug ceathrar fear óg bád ó Chumann Bád Chaisleán Uí Chonaill agus lainseáil siad ar an tSionainn é. Bhí drugaí agus/nó alcól á nglacadh ag na fir ón tráthnóna roimhe sin. Bhí an t-uisce an-ard san abhainn agus bhí an sruth an-tapa de bharr na drochaimsire a bhí ann sna míonna imithe thart. Tar éis tréimhse ghairid, thug siad faoi deara go raibh an bád ag ligean isteach uisce agus nach raibh siad in ann é a smachtú i gceart. I gcúinsí an-dúshlánach agus tar éis oibríocht tharrthála forleathan ina raibh roinnt seirbhísí tarrthála páirteach ann, tarrtháladh na fir. Bhí duine de na fir neamhaireachtálach agus níos déanaí fógraíodh go raibh sé marbh.	1
MV Epsilon	8 Feabhra 2016	Long Phaisinéirí Róró	Damáiste Trom de bharr Drochaimsir	Tráthnóna an 7 Feabhra 2016, sheol an <i>'MV Epsilon'</i> ó Cherbourg na Fraince ag triall ar Bhaile Átha Cliath, Éire. Rinneadh an Máistir athbhreithniú ar réamhfhaisnéis na haimsire roimh an seoladh; gealladh drochaimsir don turas mar gheall ar 'Stoirm Imogen'. Ag fágáil Cherbourg dó, thrasnaigh an soitheach an Mhuir nloch. Nuair a d'éirigh an ghaoth agus an aimsir níos measa, ghlac an Máistir an cinneadh dul ar foscadh i mBá Barnstaple áit a bhuaill an drochaimsir an soitheach go trom ag déanamh damáiste don lasta agus ag gortú roinnt criú agus paisinéirí ar bord. Nuair a d'fheabhasaigh an aimsir píosa maith, d'fhág an soitheach Bá Barnstaple agus lean sé ar aghaidh ar a aistear go calafort Átha Cliath, ag teacht isteach maidin 9 Feabhra 2016.	0
FV Carraig Chuin	20 Márta 2016	Soitheach lascaireachta <15m	Bá	D'fhág an <i>'FV Carraig Chuin'</i> Cill Chaoil, Co. an Dúin ar an 19 Márta 2016. Ag a 10.56 ar an 20 Márta 2016, thuirisc an Rialú Aerthráchta ag Aerfort na Sionainne go bhfuair aerárthach fógra EPIRB agus go raibh an comhartha seo cláraithe leis an soitheach. Dheimhnigh UKMCC Kinloss an fógra ag 10.58. Leag MRCC Bhaile Átha Cliath an cúram ar héilecaptair tarrthála muirí R116, lonnaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ar an mBád Tarrthála INRBT. Rinneadh an criú a aeraistriú chun sábháilteachta ag 12.06 agus aistríodh iad láithreach chuig ospidéal i nDroichead Átha.	0

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA AN EACHTRA	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	BÁSANNA
FV Sean Anthony	10 Aibreán 2016	Soitheach Iascaireachta 15m - 24m	Dul i dTalamh	D'fhág an <i>'FV Sean Anthony'</i> Cionn tSáile ar an 5 Aibreán 2016 chun dul ag iascaireacht i mbráite atá timpeall 25 mhíle siar ó dheas ó Chionn tSáile, gar do Gháscheantar Chionn tSáile. Stop an soitheach ag iascaireacht ar an 10 Aibreán 2016, de bharr na drochaimsire, agus bhí sé ag dul ar ais go dtí an caladh nuair a chaill sé cumhacht. Scuabadh an soitheach ar na carraigeacha taobh thiar den bhealach isteach go Cuan Chionn tSáile, beagnach siar díreach ó Lower Cove. Go gairid roimh dhul i dtalamh, sheol an captaein gaoch Mayday agus chur sé Gardaí Cósta na hÉireann ar a n-airdeall. Cuireadh an cúram ar INRBT Chionn tSáile dul go dtí an láthair agus shroich siad an áit laistigh d'achar gearr. Tarrtháladh gach duine den triúr ball foirne. Níor tharla aon truailliú.	0
Pegasus	9 Aibreán 2016	Bád Seoil Áineasa	Pléasc & Tine	Tráthnóna Sathairn an 9 Aibreán 2016, bhordáil an t-úinéir agus fear eile an luamh <i>'Pegasus'</i> chun an slabhra agus an srian múrála a sheiceáil. Tar éis tamaill ag obair ar mhúráil an bháid, tháinig an bheirt ar ais go dtí an <i>'Pegasus'</i> don lón. Chuaigh an t-úinéir síos isteach sa chábán chun an cócaireán gáis a lasadh agus d'fhiafraigh sé dá chara an gás a chasadh air ag an sorcóir i locar an phoill stiúrtha. Las an t-úinéir cipín agus é ina sheasamh os comhair an chócaireáin, agus go tobann tharla pléasc mór le caor thine. D'éirigh leis an mbeirt tuirlingt den bhád agus dingí a bhordáil. Chonaic finnétithe i dtír an phléasc agus chuaigh roinnt dingíní go dtí an láthair. D'fhág an bheirt a ndingí féin agus bhordáil siad dingíní na bhfinnétithe agus tugadh i dtír iad. Chuaigh an bád faoi laistigh de chúpla nóiméad tar éis an phléasc. Bhí an bheirt ag caitheamh gairis shnámhachta pearsanta (PFDanna) an t-am ar fad i rith na heachtra.	0
Lough Corrib	26 Bealtaine 2016	Bád Áineasa Oscailte/ Mótair	Briseadh	Ar an 26 Bealtaine 2016 d'fhág bád slatiascaireachta le beirt ar bord Ceathrú Mhór an Chnoic, Co. na Gaillimhe, agus é beartaithe acu an tráthnóna a chaitheamh ag slatiascaireacht. Agus iad ag dul i dtreo an bhráite deiridh bhuail an bád marcóir longseoireachta seasta. Thit duine amháin thar bord agus tarrtháladh agus tugadh i dtír é ina dhiaidh sin chuig otharcharr. Fuair an duine sin bás san ospidéal.	1
MV Rose of Aran	6 Meitheamh 2016	Long Phaisinéirí	Duine san Fharraige	Dé Luain an 6 Meitheamh 2016 bhí an long Phaisinéirí <i>'MV Rose of Aran'</i> ag aistriú paisinéirí ag Cé Inis Oírr. Agus an soitheach taobh leis an gcé agus paisinéirí ag tuirlingt den soitheach ar an stangairt, chuaigh an soitheach le sruth agus thit deireadh na stangairte as deireadh an ché. Chlaon an stangairt síos i dtreo an uisce. Bhí beirt phaisinéirí ar an stangairt ag an am agus thit an bheirt acu isteach san uisce idir an soitheach agus an cé. Chabhraigh na daoine a bhí i láthair leis an mbeirt phaisinéirí teacht suas ar an gcé. Fuair an bheirt phaisinéirí cóir leighis ar an oileán agus aistríodh ar ais go dtí an mhórháir iad níos déanaí an lá sin.	0

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA AN EACHTRA	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	BÁSANNA
FV Cú Na Mara	30 Meitheamh 2016	Soitheach lascaireachta 15m - 24m	Duine san Fharraige	Ar an 30 Meitheamh 2016 thosaigh an 'FV Cu na Mara' ag iascaireacht cloicheán (nephrops) timpeall 130 muirmhíle Siar ó Cheann Sléibhe. Bhí na heangacha á gcur amach don chéad tráláireacht. Ag timpeall 14.00 scaoileadh an dá eangach ón dá dhroma eangaigh agus bhí siad ag sraoileadh taobh thiar den soitheach san uisce. Le linn dó giuirleíd de chuid na heangacha a aistriú ó na drumáí eangaigh go dtí an ionlas tuála ag deireadh an tsoithigh, thit ball den chriú thar bord. Thug an Scipéir agus na bail den chriú eile faoi deara an eachtra láithreach bonn agus thiompaigh siad an soitheach siar chun cabhrú leis. Bhí Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) á chaitheamh aige a líon le haer. Gan mhoill, tharrtháil an criú den uisce é agus tugadh cóireáil gharchabhrach dó ach níor tháinig sé slán.	1
Bluebird II	15ú Lúnasa 2016	Bád Áineasa Oscailte/ Mótair	Duine san Fharraige	Maidin an 15 Lúnasa 2016, d'fhág slatiascaire aonair Cuas Ros Brain, gar den Scoil, Co. Chorcaí, chun dul ag slatiascaireacht. Bhí sé i dteagmháil lena chlann ar ghuthán póca go luath sa tráthnóna; ach nuair nár tháinig sé abhaile níos déanaí sa tráthnóna mar a bhí beartaithe aige, fógraíodh an éigeandáil agus thosaigh cuardach. Níos déanaí sa tráthnóna aimsíodh an 'Bluebird II' gan aon duine ar bord. Lean an cuardach ar aghaidh go déanach san oíche sin agus arís ó thús na maidine dar gcionn, nuair a fuarthas a chorp.	1
PV Mary Ann of Dunloe	1 Meán Fómhair 2016	Bád Paisinéirí	Bá	Ag timpeall 11.30 ar maidin an 1 Meán Fómhair 2016 bhí bád paisinéirí ag iompar beirt thurasóir déag ag taisteal ó Chaisleán an Rois go dtí Bearna an Choimín. Agus an soitheach ag druidim isteach le Pointe Foilcoille ar Loch Léin, chuaigh an aimsir in olcas le gaoithe láidre agus tonnta móra. Bád an soitheach agus thit na paisinéirí isteach san uisce. Thug trí shoiteach eile tarrtháil ar an soitheach báite. Tarrtháladh na paisinéirí agus an criú ar fad gan aon dhrochghortú dóibh.	0
Lough Corrib II ag Pointe Thamhain	7 Meán Fómhair 2016	Soitheach lascaireachta <15m	Duine san Fharraige	Maidin an 7 Meán Fómhair 2016 d'fhág an 'Loch Corrib II', soitheach iascaireachta intíre cláraithe, a ché baile ag Baile na Cúirte, gar de Mhéaraí, Co. na Gaillimhe. Bhí duine amháin ar bord. Go gairid roimh 12.45, thug soitheach eile faoi deara an bád ina stad amach ó Oileán Thamhain. Chonacthas go raibh an bád sa suíomh céanna ar feadh achar fada agus chuaigh Scipéir an tsoithigh eile chun an scéal a fhiosrú. Ní raibh duine ar bith sa soitheach, agus an soitheach coinnithe ina áit ag sraith potaí gliomacha leis an inneall fós ag rith. Fógraíodh an éigeandáil agus thosaigh cuardach forleathan. Ag timpeall 17.40, fuarthas corp Scipéir an 'Loch Corrib II' san uisce timpeall is muirmhíle amháin siar ó bhaoi Black Rock, amach ó Bhearna.	1

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA AN EACHTRA	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	BÁSANNA
IRCG Delta RIB	12 Meán Fómhair 2016	Bád Paisinéirí	Duine san Fharrage	<p>Ar an 9 Meán Fómhair 2016, leag MRSC Dhairbhre de chumas ar Stáisiún Gardaí Cósta na hÉireann ag Cill Chaoi foireann dheonach a chur ar fáil ag na hailte siar ó dheas ón mbaile, gar de Phointe na Fuatháí. Tuairiscíodh go raibh seans ann gur thit fear le haill ann. Maidin an 12 Meán Fómhair, tháinig an fhoireann dheonach le chéile ag Stáisiún na nGardaí Cósta agus thosaigh siad na hoibríochtaí arís, ag lánseáil Delta RIB freisin. I rith an dara cuardach den lá agus iad ag cuardach cuas soir ó Phointe na Fuatháí, fuarthas gloach Mayday ón Delta RIB. Tuairiscíodh gur thiontaigh an bád agus gur thit an triúr criú isteach san uisce. Láithreach bonn, cuireadh tús le hoibríocht chuardaigh agus tharrthála forleathan. Phioc RIB suas duine den chriú, agus tharrtháil seirbhís héileaptair Tarrthála SAR ball eile den chriú. Fuair an triú bhall den chriú bás san eachtra agus d'aimsigh an heileaptair tarrthála SAR an corp.</p>	1
FV Endurance	8 Samhain 2016	Soitheach Iascaireachta 15m - 24m	Eachtra Marfach ar bord	<p>Ar an 8 Samhain 2016 bhí an <i>'FV Endurance'</i> ag iascaireacht cloicheán (Nephrops) timpeall is 200 muirmhíle Siar ó Dheas ó chósta na hÉireann i limistéar Bhanc Porcupine. Ag timpeall 18.30 bhí na heangacha á dtarraingt isteach. Bhí an eangach ar an nDeasbhord an-trom ar fad. Agus an eangach á tharraingt isteach, chuaigh ball den chriú i bhfostú idir an eangach agus an ceathrú deiridh den Deasbhord. D'ardaigh an eangach corp an bhall den chriú suas agus caitheadh síos thar an ráille Deasbhoird é. Thit sé síos ar chlár an ráille thar bord agus é sáinnnte ansin ag an eangach. D'éirigh leis an Scipéir agus an criú an ball den chriú a tharraingt aníos thar an ráille suas go dtí deic uachtarach chúl an tsoithigh. Níor tháinig an ball den chriú slán as an ngábh agus fuair sé bás.</p>	1
FV Kerri Heather	16 Samhain 2016	Soitheach Iascaireachta <15m	Duine san Fharrage	<p>Maidin an 16 Samhain 2016 d'fhág an soitheach iascaireachta <i>'FV Kerri Heather'</i> an tInbhear Mór le triúr ar bord. Ba í aidhm an turas potaí a ardú agus a bhaoiteáil. Ag a 09.00, fad is a raibh an dara sraith potaí á tharraingt aníos, thit an ball den chriú a bhí ag an gaireas tarlaithe isteach san fharrage. D'ainneoin iarrachtaí láithreacha é a tharrtháil, agus cuardach ina dhiaidh sin le bád tharrthála, soithí iascaireachta agus heileaptair, níor aimsíodh é. Lean na cuardaigh ar aghaidh go dtí an 2 Nollaig ach níor aimsíodh é. Ar an 15 Eanáir 2017, fuarthas corp ar an gcósta Siar ó Dheas ó Anglesey agus, ina dhiaidh sin, aithníodh é mar an iascaire ar iarraidh.</p>	1

Achoimre de na tuarascálacha a foilsíodh i 2016

1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
MFV Iúda Naofa	19 Eanáir 2016	Soitheach lascaireachta 15m - 24m	Bá	<p>Ar an 17 Eanáir 2015, d'fhág an soitheach iascaireachta, 'MFV Iúda Naofa' Ros an Mhíl le cúigear criú ar bord, in éineacht le 'MFV Star of Hope'. Maidin an 20 Eanáir 2015 bhí na soithí ag dul i dtreo na Minches. Ag timpeall 09.00 nó 09.30 ar an 20 Eanáir bhuail aláram ruma ceann an bháid agus tugadh faoi deara uisce sa ruma. Cuireadh chun obair na pumpaí ach ní rabhthas ábalta an sruth uisce a stopadh. Ag 10.33 ghlaoigh an soitheach Gardaí Cósta na hÉireann. Go gairid ina dhiaidh sin chaill an gineadóir cumhacht. Ag 11.53 d'éirigh le Garda Cósta Bhanríon Shasana pumpa a laindeáil ar an deic, ach ní raibh an criú ábalta é a chur in úsáid. Thosaigh an bád ag lúí ar an mbord clé agus d'ísligh an heileacaptar fear crainn tochráis chun an criú a tharrtháil. D'imigh an bád síos ceann faoi agus bádh go tapa é. D'ardaigh an héileacaptar beirt den chriú ón uisce agus snámh an bheirt eile chuig an rafta tarrthála a líon le haer agus tharrtháil an 'MFV Star of Hope' iad.</p>	0	Ní féidir a dheimhniú cén fáth ar tháinig uisce isteach sa bhád gan fhianaise ón mbád féin. Bhí seasmhacht an bháid fóna do ghnáthdhálaí oibre agus lean sé ar aghaidh a bheith seasta nuair a bhí an urrann tosaigh faoi uisce. Cailleadh an tseasmhacht sin nuair a bhí uisce gafa sa deic tosaigh agus is é seo a bhí ciontach as an tiontú agus as bá an bháid.

AINM AN TSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
MFV Our Jenna	22 Feabhra 2016	Soitheach lascaireachta <15m	Duine san Fharrage	Ar an 16 Meitheamh 2015, d'fhág an 'MFV Our Jenna' Port na Bláiche, Co. Dhún na nGall ag timpeall 06.00. Bhí beirt ar bord. Ag timpeall 13.30 thit ceann de na fir thar bord. D'éirigh leis an Scipéir greim a fháil ar an mball den chriú eile agus é a dhaingniú, san uisce, le téad faoina choim. Cuireadh na seirbhísí tarrthála ar a n-airdeall agus leagadh an tasc ar aonaid de Ghardaí Cósta na hÉireann agus an INRBT, le héileacaptar san áireamh. Aistríodh an taismeach go héileacaptar SAR agus tógadh chuig Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn é áit ar fógraíodh go raibh sé marbh.	1 Bás	Ní raibh aon fhinné ar an eachtra. Tá dhá áit a d'fhéadfadh an Ball den Chriú titim thar bord; tríd an oscailt a bhfuil ráillí an deasbhoird ann, áit a dtarraingítear isteach na potaí, nó tríd an oscailt i ndeireadh an bháid. Trí dhéanamh an tsoithigh a athrú agus an bábhún transaim a bhaint amach, chruthaigh na húinéirí oscailt mhór i ndeireadh an deic oibríthe, áit a d'fhéadfadh duine titim tríd go héasca. Meastar nach raibh an t-athrú sin ag teacht le hAlt 6 den Chód Cleachtas, faoina raibh an soitheach ag feidhmiú agus go raibh Doiciméad Comhlíontachta an tsoithigh neamhbhailí dá bharr b'fhéidir. Ní raibh an rubar a bhí á úsáid ar an deic ag comhlíonadh an Chóid Chleachtas agus is eol go n-éiríonn rubar críos iompair sleamhain nuair a fhluchtar é. Mar sin, ní bheadh na hairíonna frithshleamhnánach atá riachtanach le haghaidh sábháilteachta ag an deic. Ní raibh an Ball den Chriú, nach raibh snámh aige, ag caitheamh PFD agus ní raibh úim shábháilteachta á chaitheamh aige.

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
Jillian	31ú Bealtaine 2016	Mótarbhád Áineasa	Bá	<p>Dé Sathairn an 29ú Lúnasa 2015, lainseáil an tÚinéir/Scipéir a Dhóraí, 'Jillian', ón bhfánán poiblí ag Cé na Cille Móire chun grúpa deichniúr muinteartha agus cairde a thabhairt ar thuras iascaireachta. Agus an soitheach ag dul tríd na Sailte Móire agus na Sailte Bige, bád é agus thiontaigh sé. D'éirigh leis na daoine ar fad a bhí sa bhád seachas duine amháin (a d'fhan san uisce an t-am ar fad) dul suas ar an gcabhail a bhí tiontaithe bunoscionn go dtí gur tarrtháladh iad. Thug Scipéir Bhád Farantóireachta an Sailte faoi deara nár tháinig an soitheach ar ais agus ghlac sé páirt sa gcuardach. Chuala criú an bháid fharantóireachta daoine ag béicíl agus iad ag cuardach cósta thoir theas na Sailte Móire le solas cuardaigh. Leagadh an tarrtháil de chúram ar bháid tharrthála Ché na Cille Móire agus an Fhiodh Ard agus ar aonaid de na Gardaí Cósta ón Dún Mór Thoir agus ó Cé na Cille Móire chomh maith le héileacaptar tarrthála R117. Phioc an bád farantóireachta suas an deichniúir taisme. Aistríodh duine amháin den ghrúpa go dtí bád tarrthála Ché na Cille Móire agus rinneadh é a aeraistriú le R117 chuig Ospidéal Phort Láirge áit a fógraíodh go raibh sé marbh. Tugadh an naonúr taisme eile i dtír ag Cé na Cille Móire, agus aistríodh chuig Ospidéal Ginearálta Loch Garman iad.</p>	1 Bá	<p>Ní raibh a fhios ag an tÚinéir/Scipéir go raibh an soitheach ró-ualaithe agus é ag fágáil Cé na Cille Móire. Is dócha go raibh ceann an bháid ag suí go híseal san uisce de bharr ualach breise an bheirt phaisinéir a bhí os comhair an chabáin stiúrach. Nuair a chuaigh an soitheach isteach in uisce níos gairbhe idir na hoileáin, d'fhéadfadh sé go raibh sé seo dóthanach le go mbrisfidh tonnta trasna ceann an bháid, agus nach raibh ceann an bháid ag dul thar na tonnta. Ba leor na tonnta ag briseadh trasna ceann an bháid chun na fuinneoga Perspex a bhriseadh, rud a líon an soitheach le huisce agus a thiontaigh é. Ní raibh uasmhéid na ndaoine a raibh an soitheach ábalta iompar ar eolas ag an tÚinéir/Scipéir. Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach Scipéir de shoitheach an acmhainn ualaigh atá ag a soitheach, d'ainneoin sa chás seo gur tógadh an soitheach roimh an am a raibh comhlíonadh leis an RCD éigeantach. Ní raibh aon riachtanas ann go mbeadh uasmhéid na ndaoine a d'fhéadfadh an soitheach iompar ar taispeáint ar aimchlár an déantóra.</p>

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
FV Oileán an Óir	1 Meán Fómhair 2016	Soitheach lascaireachta >24m	Eachtra Marfach	<p>Ar an 24 Lúnasa 2015 bhí an 'FV Oileán an Óir' ina suí ag Cé an Bhaile i gcaladh na gCealla Beaga i ndiaidh obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an soitheach agus é ar thalamh tirim. Bhí an córas cuisniú sáile (RSW) as seirbhís ó Mhárta 2015. Cuireadh dualgas ar dhá bhall den chriú an RSW a rith chun a fháil amach an raibh sé ag feidhmiú. Thosaigh an obair ag timpeall 13.00. Rinneadh uisce sáile a phumpáil tríd an RSW isteach sa bhord clé agus sna humair stórála éisc sáile cuisnithe ar an deasbhord. Tugadh faoi deara go raibh an t-uisce salach agus rinneadh cinneadh an dá umar a shúigh amach ag úsáid córas folúscaidéal. Ina dhiaidh sin, chuaigh Ball den Chriú 1 isteach i mbord clé an umair RSW agus thit sé ina laige de bharr na ngás tocsaineach. Bhí Ball den Chriú 3 ag freastal ar dhualgais eile ar bord, agus chuir Ball den Chriú 2 ar an airdeall é go raibh Ball den Chriú 1 i gcrúachás. Fad is a bhí Ball den Chriú 3 ag fógairt an chontúirt, chuaigh Ball den Chriú 2 ar ais go dtí an t-umar agus thit sé ina laige chomh maith. Ní raibh aon fhinné ar an eachtra. Tarrtháladh Baill den Chriú 1 agus 2 ón umar agus d'aistrigh na seirbhísí éigeandála áitiúla ar tír iad chuig an ospidéal. Fuair Ball den Chriú 1 bás níos déanaí sa tráthnóna agus fuair Ball den Chriú 2 bás ar an Aoine 28 Lúnasa. Meastar gurb é ionanálú na ngás tocsaineach a bhí laistigh d'umar RSW an bhoird chlé a ba chúis leis an dá bhás.</p>	2 Bhás	<p>Ionanálú leibhéal marfach de shuilfid hidrigine (H₂S) a ba chúis leis an dá bhás chomh maith le leibhéal ard (NH₃) amóinia a bhí san atmaisféar ar bhord clé an umair RSW. Chuaigh Ball den Chriú 1 isteach i mbord clé an umair RSW agus thit sé ina laige láithreach de bharr an gháis thocsainigh. Rinne Ball den Chriú 2 iarracht cabhrú le Ball den Chriú 1 agus thit seisean ina laige freisin de bharr an gháis thocsainigh. Ní raibh trealamh ag an soitheach nó ag na baill den chriú le monatóireacht a dhéanamh ar an atmaisféar sna humair. Déantar tagairt de shoithí iascaireachta mar áiteanna oibre sna dualgais atá ag fostóirí agus fostaithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus i S.I. 325/1999 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Soithí Iascaireachta) 1999. Bá é an t-uisce marbh a bhí i gCuid C den chóras RSW a bhí mar fhoinsé ag an suilfid hidrigine (H₂S) agus ag na leibhéil arda amóinia (NH₃). Tá feasacht mhaith sa tionscal muirí go ginearálta faoi na contúirtí a bhaineann le giniúint gáis thocsaineacha de bharr lobhaidh ábhar orgánach agus an chontúirt a chothaíonn na gáis thocsaineacha seo nó an t-idiú ocsaigine san atmaisféar in áiteanna cúnga. Is cosúil nach bhfuil an tuiscint chéanna agus nach bhfuil an fheasacht chéanna faoi na contúirtí seo a bhaineann leis na</p>

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
						gáis thocsaineacha seo ag tionscal na hiascaireachta. Léiríonn forbairtí idirnáisiúnta agus an fheasacht níos fearr atá ag daoine faoi na contúirtí a bhaineann le bealaí isteach cúnga i soithí go bhfuil gá le feasacht níos fearr agus treoir a thabhairt maidir leis an ábhar seo ach agus go háirithe i gcás soithí iascaireachta.
MV Cielo Di Monaco (idirlinn)	6 Meán Fómhair 2016	Lasta Ginearálta	Dul i dTalamh	Tuarascáil Idirlinne ag fanacht le foilsiú na tuarascála deiridh.	0	Féach an tuarascáil dheiridh arna dhátú an 1 Nollaig 2016 thíos.
MV Cara Rose	26 Deireadh Fómhair 2016	Mótarbhád Áineasa	Eachtra Marfach	Maidin an 11 Meán Fómhair 2015 d'fhág soitheach, an 'MV Cara Rose', an cé ag Pointe na Roinne Rua, Co. Mhaigh Eo, le duine amháin ar bord. Ag 17.00 ní raibh aon teagmháil ón soitheach agus d'fhógair duine muinteartha an chontúirt. Thug Bád Tarrthála an Bhaile Ghlais faoi deara an soitheach agus drochbhail air ag 19.04 ar an gcladach faoi na haillte gan duine ar bith ar bord. An lá dár gcionn bhris an fharraige suas an soitheach agus lean cuardach forleathan ar aghaidh ar feadh 14 lá go dtí gur thángthas ar chorp san fharraige. Ina dhiaidh sin, aithníodh mar chorp an úinéara ar iarraidh é.	1 Bás	Teip struchtúrach agus potaí á tharraingt isteach a ba chúis le cailliúint an tsoithigh agus an ball den chriú. Ní raibh aon teastas sábháilteachta ag an soitheach, agus ní raibh sé ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Shoithí Áineasa. Lagaigh an gaireas tarlaidhe potaí a cuireadh leis an soitheach struchtúr an tsoithigh an oiread sin gur theip sé. Ós rud é nach raibh deimhniú ag an soitheach mar shoitheach iascaireachta tráchtála ba chóir go gcomhlíonadh sé na riachtanais d'árthaí áineasa. Rinneadh an Cód Cleachtais d'Árthaí Áineasa a leasú den uair dheireanach i 2008 ach ní dhéileálann sé leis na ceisteanna ar fad maidir le potú neamhthráchtála. Ní raibh baint lárnach ag an bhfarraige nó ag an aimsir le cailliúint an iascaire.

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
Castleconnell	28 Samhain 2016	Bád Áineasa Mótair/ Oscailte	Bá	<p>Luath maidin Déardaoin ar an 4 Feabhra 2016, thug ceathrar fear óg bád ó Chumann Bád Chaisleán Uí Chonaill agus lainseáil siad ar an tSionainn é. Bhí drugaí agus/nó alcól á nglacadh ag na fir ón tráthnóna roimhe sin. Bhí an t-uisce an-ard san abhainn agus bhí an sruth an-tapa de bharr na drochairsire a bhí ann sna míonna imithe thart. Tar éis tréimhse ghairid, thug siad faoi deara go raibh an bád ag ligean isteach uisce agus nach raibh siad in ann é a smachtú i gceart. D'éirigh leis na fir an bád a threorú isteach sna crainn suas ar ghob talaimh a raibh an abhainn ag sreabhadh trasna air ina fhánsruth. Thiontaigh an bád agus é ag dul trasna carraigeacha faoin uisce agus tiomáineadh isteach sna crainn é ag tiontú na fir isteach san uisce éadomhain. Thiomáin an sruth láidir an bád tiontaithe in aghaidh na gcrann agus chuaigh cos fear amháin i bhfostú faoin mbád tiontaithe fad agus a ndeachaigh cosa fear eile i bhfostú sa scrobarnach. I gcúinsí an-dúshlánach agus tar éis oibríocht tharrthála forleathan ina raibh roinnt seirbhísí tarrthála páirteach ann, tarrtháladh na fir. Bhí duine de na fir neamhaireachtálach agus níos déanaí fógraíodh go raibh sé marbh ag Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Maíonn cinntí an scrúdaithe iarbháis go bhfuair sé bás de bharr báite.</p>	1 Bás	De bharr ghlactha drugaí agus/nó alcól thar achar fada, cuireadh isteach ar bhreithiúnas an ceathrar fear ionas gur thóg siad seansanna nach nglacaidís de ghnáth. Tá dóchúlacht ann nár thuig siad cé chomh teoranta a raibh a n-ábaltacht bád a láimhseáil agus contúirt an uisce a mheas. Ós rud é nach raibh taithí ar bith ag na fir le báid agus báid a láimhseáil agus de bharr an drochléargas agus an méid drugaí agus alcóil a bhí glactha acu, níor thug siad faoi deara go raibh an dallán draenach in easnamh sa transam agus go raibh uisce ag teacht isteach sa bhád dá bharr. Nuair a thiontaigh an bád, ní raibh aon trealamh sábháilteachta ag na fir, ar nós PDFanna, chun cabhrú leo i rith an dhá uair go leith a chaith siad san uisce. Ar a bharr sin, ní raibh á chaitheamh acu ach gnáthéadaí allamuigh.

AINM AN tSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
Pegasus	30 Samhain 2016	Bád Seoil Áineasa	Tine agus Pléasc	<p>Tráthnóna Sathairn an 9 Aibreán 2016, bhordáil an t-úinéir agus fear eile an luamh 'Pegasus' chun an slabhra agus an srian múrála a sheiceáil. Bhí an soitheach ag luí ar a mhúráil scóipe féin i gCuan Órán Mór taobh ó dheas ó Chumann Seoltóireachta Chuan na Gaillimhe.</p> <p>Tar éis tamaill ag obair ar mhúráil an bháid, tháinig an bheirt ar ais go dtí an 'Pegasus' don lón.</p> <p>Chuaigh an t-úinéir síos isteach sa chábán chun an cócaireán gáis a lasadh agus d'fhiafraigh sé dá chara an gás a chasadh air ag an sorcóir a bhí lonnaithe i locar an phoill stiúrtha.</p> <p>Las an t-úinéir cipín agus é ina sheasamh os comhair an chócaireáin, agus go tobann tharla pléasc mhór le caor thine.</p> <p>D'éirigh leis an mbeirt tuirlingt den bhád agus dingí a bhordáil. Chonaic finnétithe i dtír an phléasc agus chuaigh roinnt dingíní go dtí an láthair. D'fhág an bheirt a ndingí féin agus bhordáil siad dingíní na bhfinnéithe agus tugadh i dtír iad.</p> <p>Cuireadh glooch ar otharcharr agus aistríodh an bheirt chuig Ospidéal Ollscoil na Gaillimhe.</p> <p>Chuaigh an bád faoi laistigh de chúpla nóiméad tar éis na pléisce.</p> <p>Bhí an bheirt ag caitheamh gairis shnámhachta pearsanta (PFDanna) an t-am ar fad i rith na heachtra.</p>	1 Gortú	<p>Ós rud é go ndearna an pléasc damáiste mór forleathan don soitheach, ní féidir leagan amach an tsorcóra, an rialálaí agus an phiobán gáis roimh an bpléasc a dheimhniú, ach; tharla go raibh an piobán gáis scoite ó dheireadh phiobán an chócaireáin agus é dubh dóite nuair a rinneadh iniúchadh air, is é is dóichí gur scaoileadh é agus go raibh sé scoite sular tharla an eachtra.</p> <p>Mar sin, nuair a osclaíodh an chomhla gáis sa pholl stiúrtha, is é is dóichí go raibh gás ag sreabhadh isteach gan srian i ngríoscán an chócaireáin agus, ós rud é go bhfuil an gás seo níos dlúth ná aer, go raibh an gás ag cur thar maoil ar an urlár agus ag dul isteach sna rumaí.</p> <p>Nuair a las an t-úinéir an cipín, phléasc an gás ar an urlár agus sna rumaí agus las an gás a bhí ag sreabhadh ón bpiobán ag cruthú caor thine ghorm.</p> <p>Dá mba rud é go raibh aláram gáis suiteáilte, d'fhógraíodh sé chomh luath agus a thosnaigh an gás ag sreabhadh ón bpiobán agus thabharfaí rabhadh leordhóthanach faoin sceitheadh gáis.</p> <p>Thabharfaidh sé seo rabhadh don úinéir agus d'fhéadfaí na heachtraí a thit amach a sheachaint.</p>

AINM AN TSOITHIGH/EACHTRA	DÁTA FOILSITHE	AN CINEÁL SOITHIGH	AN CINEÁL EACHTRA	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN EACHTRA
MV Cielo Di Monaco	1 Nollaig 2016	Lasta Ginearálta	Dul i dTalamh	Dé Domhnaigh an 27 Meán Fómhair 2015, chuaigh an soitheach lasta 39,000 tona (t) <i>'MV Cielo Di Monaco'</i> i mbeart ag Caladh an Ghrianfoirt. An mhaidin dár gcionn agus an dréacht á léamh roimh gur thosnaigh díluchtú an lasta, thug an Príomhoifigeach faoi deara go raibh an soitheach imithe i dtalamh chun tosaigh. Léirigh fiosrúchán breise go raibh uisce ag teacht isteach san umar ballasta i gceann an bháid. Thaispeáin cigireacht eile a rinne tumadóirí agus cigireacht laistigh den umar go raibh damáiste ann don phlátáil cáis agus do chabhail an tsoithigh. Rinneadh deisiúchán sealadach faoi mhaoirseacht Suirbhéar Cumann Rangaithe sular sheol an soitheach. Níor tharla aon truailliú nó gortú d'aon duine.	0	Tá freagracht ag an Máistir as sábháilteacht an tsoithigh agus is cosúil nach ndéarnadh machnamh ceart ar gach gné den chaladh sna hullmhúcháin réamhtheachta. Tharla an eachtra de bharr teipeanna i mbainistíocht measúnú rioscaí agus nósanna imeachta sábháilteachta an chalaigh agus de bharr teipeanna i mbainistíocht shábháilteachta na loinge. Is caladh faoi úinéireacht phríobháideach neamhspleách é Caladh an Ghrianfoirt agus mar sin ní dhéanann údarás neamhspleách iniúchóireacht ar na nósanna imeachta sábháilteachta agus bainistíochta ar mhaithe leis na cleachtais is fearr a chur chun cinn.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar aon cheann de na heachtraí imscrúdaithe féach, le do thoil, ar ár suíomh gréasáin, www.mcib.ie.

Sampla de na Cásanna a Foilsíodh i 2016

1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Ba mhaith leis an mBord aird ar leith a tharraingt ar na trí thuarascáil seo a leanas a foilsíodh i 2016.

CASTLECONNELL



Luath maidin Déardaoin ar an 4 Feabhra 2016, thug ceathrar fear óg bád ó Chumann Bád Chaisleán Uí Chonaill agus lainseáil siad ar an tSionainn é. Bhí drugaí agus/nó alcól á nglacadh ag na fir ón tráthnóna roimhe sin. Bhí an t-uisce an-ard san abhainn agus bhí an sruth an-tapa de bharr na drochaimsire a bhí ann sna míonna imithe thart. Tar éis tréimhse ghairid, thug siad faoi deara go raibh an bád ag ligean isteach uisce agus nach raibh siad in ann é a smachtú i gceart. D'éirigh leis na fir an bád a threorú isteach sna crainn suas ar ghob talaimh a raibh an abhainn ag sreabhadh trasna air ina fhánsruth. Thiontaigh an bád agus é ag dul trasna carraigeacha faoin uisce agus tiomáineadh isteach sna crainn é agus caitheadh na fir isteach san uisce éadomhain. Thiomáin an sruth láidir an bád tiontaithe in aghaidh na gcrann agus chuaigh cos fear amháin i bhfostú faoin mbád tiontaithe fad agus a ndeachaigh cosa fear eile i bhfostú sa scrobarnach. I gcúinsí an-dúshlánach agus tar éis oibríocht tharrthála forleathan ina raibh roinnt seirbhísí tarrthála páirteach ann, tarrtháladh na fir. Bhí duine de na fir neamhaireachtálach agus níos déanaí fógraíodh go raibh sé marbh ag Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Maíonn cinní an scrúdaithe iarbháis go bhfuair sé bás de bharr báite.

MFV OUR JENNA



Ar an 16 Meitheamh 2015, d'fhág an 'MFV Our Jenna' Port na Bláiche, Co. Dhún na nGall ag timpeall 06.00. Bhí beirt ar bord an tsoithigh. Ag timpeall 13.30 thit ceann de na fir thar bord. D'éirigh leis an Scipéir greim a fháil ar an mball den chriú eile agus é a dhaingniú, san uisce, le téad faoina choim. Rinne an Scipéir teagmháil le Gardaí Cóstá na hÉireann ag timpeall 13.54. Cuireadh na seirbhísí tarrthála ar a n-airdeall agus leagadh an tasc ar aonaid de Ghardaí Cóstá na hÉireann agus an INRBT, le héilecaptar san áireamh. Ba soitheach cairtfhostaithe an chéad soitheach a tháinig go dtí an láthair ach ní raibh an Scipéir ábalta daoine a aistriú trasna chuig an 'MFV Our Jenna' de bharr an fharraige a bheith chomh garbh. Ba iad Gardaí Cóstá na hÉireann an chéad seirbhís tarrthála a tháinig ar an láthair. Aistríodh an taismeach chuig héilecaptar SAR agus tugadh chuig Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn é, áit ar fógraíodh go raibh sé marbh. Chuaigh an soitheach ar ais go Port na Bláiche an tráthnóna sin.

Ní raibh aon fhinné ar an eachtra. Tá dhá áit a d'fhéadfadh an Ball den Chriú titim thar bord; tríd an oscailt a bhfuil i ráillí an deasbhoird ann, áit a dtarraingítear isteach na potaí, nó tríd an oscailt i ndeireadh an bháid. Trí dhéanamh an tsoithigh a athrú agus an bábhún transaim a bhaint amach, chruthaigh na húinéirí oscailt mhór i ndeireadh an deic oibrithe, áit a d'fhéadfadh duine titim tríd go héasca. Cuirtear gunailí isteach ar chúiseanna sábháilteachta agus ba chóir na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann má bhaintear amach iad a scrúdú go mion. Meastar nach raibh an t-athrú sin ag teacht le hAlt 6 den Chód Cleachtais, faoina raibh an soitheach ag feidhmiú agus go raibh Doiciméad Comhlíontachta an tsoithigh neamhbhailí dá bharr b'fhéidir. Ní raibh an rubar a bhí á úsáid ar an deic ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais agus is eol go n-éiríonn rubar crios iompair sleamhain nuair a fhliuchtar é. Mar sin, ní bheadh na hairíonna frithshleamhnánach atá riachtanach le haghaidh sábháilteachta ag an deic. Meastar nach raibh an rubar a leagadh síos ar an deic ag teacht le hAlt 6 den Chód Cleachtais. Ní raibh an Ball den Chriú, nach raibh snámh aige, ag caitheamh PFD, rud atá sainordaithe ag an gCód Cleachtais, agus ní raibh úim shábháilteachta á chaitheamh aige, rud a mholann an Cód Cleachtais.

FV OILEÁN AN ÓIR



Ar an 24ú Lúnasa 2015 bhí an 'FV Oileán an Óir' ina suí ag Cé an Bhaile i gcaladh na gCealla Beaga i ndiaidh obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an soitheach agus é ar thalamh tirim. Bhí an córas cuisniú sáile (RSW) as seirbhís ó Mhárta 2015. Cuireadh dualgas ar dhá bhall den chriú an RSW a rith chun a fháil amach an raibh sé ag feidhmiú. Thosaigh an obair ag timpeall 13.00. Rinneadh uisce sáile a phumpáil tríd an RSW isteach sa bhord clé agus sna humair stórála éisc sáile cuisnithe ar an deasbhord. Tugadh faoi deara go raibh an t-uisce salach agus rinneadh cinneadh an dá umar a shúigh amach ag úsáid córas folúschaidéala. Ina dhiaidh sin, chuaigh Ball den Chriú 1 isteach i mbord clé an umair RSW agus thit sé ina laige de bharr na ngás tocsaineach. Bhí Ball den Chriú 3 ag freastal ar dhualgais eile ar bord, agus chuir Ball den Chriú 2 ar an airdeall é go raibh Ball den Chriú 1 i gcruachás. Fad is a bhí Ball den Chriú 3 ag fógairt an chontúirt, chuaigh Ball den Chriú 2 ar ais go dtí an t-umar agus thit sé ina laige chomh maith. Ní raibh aon fhinné ar an eachtra. Tarrtháladh Baill den Chriú 1 agus 2 ón umar agus d'aistrigh na seirbhísí éigeandála áitiúla ar tír iad chuig an ospidéal. Fuair Ball den Chriú 1 bás níos déanaí sa tráthnóna agus fuair Ball den Chriú 2 bás ar an Aoine 28 Lúnasa. Meastar gurb é ionanálú na ngás tocsaineach a bhí laistigh d'umar RSW an bhoird chlé a ba chúis leis an dá bhás.

Comparáid de Thaismí Muirí 2007 - 2016

An Cineál Árthaigh	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Longa/Soithí Phaisinéirí										
Ró-Ró Idirnáisiúnta	1 Bás/ 1 gortú	1 Bás								10 ngortú
Inmheánach			1 Bás			1 Bás				2 ghortú
Soitheach Páisnéirí										1 Bás 1 gortú
Fo-iomlán	1 Bás/ 1 Gortú	1 Bás	1 Bás	Ceann ar bith	Ceann ar bith	1 Bás	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	1 Bás 13 Ghortú

Longa Lasta

Longa Lasta Ghinearálta	1 Bás									
Ró-Ró Lasta										
Taincéir										
Olliompróir										
Long Choimeádán										
Iompróir Cairr										
Piolóta/Báirse Bád Oibre										
Ardaitheoir Trom										
Fo-iomlán	1 Bás	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith	Ceann ar bith

Soithí Iascaireachta

< 15 méadar	3 Bhás	2 Bhás		2 Bhás	4 Bhás	4 Bhás/ 1 Gortú	2 Bhás	1 Bás	1 Bás	2 Bhás
15 - 24 méadar	9 mBás	1 Bás		1 Bás/ 1 Gortú		5 Bhás/ 1 Gortú	3 Bhás			
> 24 méadar		1 Bás			1 Bás				2 Bhás	2 Bhás
Fo-iomlán	12 Bhás	4 Bhás	Ceann ar bith	3 Bhás/ 1 Gortú	5 Bhás	9 mBás/ 2 Ghortú	5 Bhás	1 Bás	3 Bhás	4 Bhás

Árthaigh Áineasa

Feithicilí Scairdsciála	1 Bás									
Báid/Cadhcanna Oscailte	2 Bhás	3 Bhás	4 Bhás	8 mBás	1 Bás	3 Bhás	1 Bás	3 Bhás/ 1 Gortú		1 Bás 1 Gortú
Mótar (Deice)	1 Gortú			5 Bhás/ 1 Gortú					2 Bhás	3 Bhás
Seol		1 Bás	1 Bás			1 Bás		1 Bás		
Árthaigh Mearchumachta/RIB				2 Bhás	1 Bás	1 Bás/ 2 Ghortú				
Fo-iomlán	3 Bhás/ 1 Gortú	4 Bhás	5 Bhás	15 Bhás/ 1 Gortú	2 Bhás	5 Bhás/ 2 Ghortú	1 Bás	4 Bhás/ 1 Gortú	2 Bhás	4 Bhás 1 Gortú


Líon iomlán na nEachtraí	16	10	6	17	13	17	6	7	7	15
Líon iomlán na mBásanna	17	9	6	18	7	15	6	5	5	9
Líon iomlán na nGortaithe	2	0	0	2	0	4	0	1	0	14
Líon iomlán na Soithigh i gceist	20*	10	6	18	12**	18	6	7	7	15

*Nil an eachtra a tharla ag Regatta Dhún Laoghaire i 2007 san áireamh sa bhfigiúr seo, eachtra ina raibh go leor bád beag, dingíní agus RIBanna i gceist


**Níl an eachtra a tharla ag Ceann Chlochair i 2011 san áireamh sa bhfigiúr seo, eachtra ina raibh go leor cadhcanna agus páistí i gceist

Treochtaí Báis 2007 - 2016


Longa/Soithí Phaisinéirí




Longa Lasta



Soithí Iascaireachta



Árthaigh Áineasa



Ráitis Airgeadais 2016



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016

Clár

Ráiteas faoi na Freagrachtaí	27
Ráiteas faoin gcóras Rialaithe Airgeadais	28
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	29
Ráiteas faoin Ioncam agus Caiteachas agus faoin gCúlchiste Coinnithe	31
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	32
Ráiteas faoi na Sreafaí Airgid	33
Nótaí leis an Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016	34

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

Freagrachtaí an Bhoird


Éilíonn Alt 20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Fiosrúchán Taismí Muirí), 2000 go ndéanfaidh an Bord cuntais chúí a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, i gcibé foirm a cheadaíonn an t-Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Agus na ráitis airgeadais á ullmhú aige, éilítear ar an mBord:

1. Beartais chuntasaíochta chúí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
3. Má leantar aon chaighdeán cuntasaíochta infheidhme faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochtá agus mínithe sna ráitis airgeadais, é seo a chur in iúl.
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn seasta mura n-oireann sé glacadh leis go gcoinneoidh an bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chúí a choimeád, a chuirfidh i bhfios go réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 20(1) den Acht um Loingis Cheannaíochta (Fiosrúchán Taismí Muirí), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as acmhainní an Bhoird a chosaint agus na bearta réasúnta a ghlacadh chun cosc a chur le calaois agus calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach



Margaret Bell
Rúnaí

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí, glacaim gurb í ár bhfreagracht a chinntiú go bhfuil córas rialú inmheánach airgeadais éifeachtach i bhfeidhm agus go ndéantar an córas seo a chothabháil.

Ní féidir leis an gcóras rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas daingean a thabhairt go bhfuil na hacmhainní á chosaint, go bhfuil idirbhearta á údarú agus á thaifid mar is ceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Is iad seo a leanas na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:

- Bíonn gach íocaíocht (seachas tuarastail na foirne*) údaraithe ag ar a laghad dhá chomhalta den Bhord.
- Bíonn gach éileamh taistil agus cothabhála údaraithe ag comhalta eile den Bhord agus deimhnithe le haghaidh íocaíochta ón Rúnaí.
- Tá Cóid Iompair maidir le Gnó i bhfeidhm do Chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann.
- Ag gach cruinniú den Bhord tugann an Rúnaí comhairle don Bhord maidir le staid airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

Tar éis cinnidh ón Rialtas, le héifeacht ón 1 Eanáir 2006 tá an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoi chúram an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt anois in ionad na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. In Iúil 2011, fuair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maolú ó riachtanas Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaí airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach

*Nóta: Tá trí bhall foirne buan i Rúnaíocht an MCIB agus iad ceaptha ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do chur i láthair os comhair
Thithe an Oireachtais

Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Is éard atá sna ráitis airgeadais ná ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar na cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas ar sreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá leagtha síos faoi Alt 20 den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000, agus de réir cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh go forleathan leo.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, agus a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart agus a chinntiú go bhfuil na hidirbhearta rialta.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus iad a thuirisciú de réir an dlí infheidhme.

Déantar m'iniúcháireacht faoi threoir chúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a n-oibríocht.

Déantar m'iniúcháireacht de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eitice d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúcháireacht ná fianaise a fháil maidir leis na suimeanna agus na nochtaithe sna ráitis airgeadais, fianaise a thugann ráthaíocht réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé an eascraíonn an míshonrú sin ó chalaíocht nó ó earráid. San áireamh leis seo tá measúnú ar

- oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus measúnú ar oiriúnacht chur i bhfeidhm agus nochtadh na mbeartas sin
- réasúnacht na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh i rith ullmhúcháin na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúcháireachta.

Ar a bharr sin, léim tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun aon neamhréireacht leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas atá mícheart go hábhartha atá bunaithe ar, nó neamhréireacht atá ábhartha leis, an t-eolas a fuair mé le linn dom an iniúcháireacht a dhéanamh, a aithint. Má thugaim faoi deara aon mhíshonrú nó neamhréireacht ábhartha follasach, déanaim scrúdú mion dá thionchar ar an tuarascáil atá á ullmhú agam.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

I mo thuairimse:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor ar na hacmhainní, ar na dliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird ar an 31 Nollaig 2016 agus dá ioncam agus caiteachas do 2016; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chleachtais chuntasaíochta a ghlactar leo go forleathan.


I mo thuairimse, ba leor taifid chuntasaíochta an Bhoird chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a dhéanaim a thuairisciú go heisceachtúil

Déanaim ábhair a thuairisciú go heisceachtúil muna bhfaighim an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim chun m'iniúcháireacht a dhéanamh, nó má

- aimsím aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead chun na críocha a bhí beartaithe dó nó murar chloí na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird ag réiteach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé le linn dom m'obair iniúcháireachta a dhéanamh, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais comhlíontacht an Bhoird maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- má tá ceistanna ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar déanadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin atá le tuairisciú go heisceachtúil.



John Crean

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste

Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coinnithe


Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

	Nótaí	AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016	AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015
		€	€
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas (Vótáil uimh. 31 Fotheideal C3)		185,151	277,753
		185,151	277,753
Caiteachas			
Tuarastail na Foirne	4	126,927	119,190
Foireann Gníomhaireachta		-	9,761
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	5	13,967	17,776
Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht		15,285	22,066
Poiblíocht		-	3,765
Dearadh Gréasáin		676	7,872
Speansais Imscrúdú Timpistí	3	57,565	102,383
Taisteal & Cothabháil – Comhaltaí Boird	6	2,431	3,632
Taisteal & Cothabháil – Eile		150	888
Táillí Dlí & Gairmiúla		2,982	12,829
Cuntasaíocht		5,965	8,364
Táillí Iniúchóireachta		5,000	5,000
Táillí Bainc		317	141
Oiliúint		1,194	480
Speansais Ilchineálacha		912	945
		233,371	315,092
(Easnamh) don Bhliain		(48,220)	(37,339)
Barrachas Carnach 1 Eanáir		7,953	45,292
(Easnamh)/Barrachas Carnach 31 Nollaig		(40,267)	7,953

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráitis faoi Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 11.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach



Margaret Bell
Rúnaí

Ráiteas ar Staid an Airgeadais


Ar an 31 Nollaig 2016

		31 NOLLAIG 2016	31 NOLLAIG 2015
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Rialta			
Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim		24,890	60,646
		<u>24,890</u>	<u>60,646</u>
Creidiúnaithe – suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin Suimeanna Iníoctha	2	(65,157)	(52,693)
Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha		<u>(40,267)</u>	<u>7,953</u>
A Fhreagraíonn do			
Chúlchistí Ioncaim Coinnithe		<u>(40,267)</u>	<u>7,953</u>

Is cuid de na Ráitis Airgid seo na Ráitis faoi Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 11.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach



Margaret Bell
Rúnaí

Ráiteas faoi na Sreafaí Airgid

Ar an 31 Nollaig 2016

	31 NOLLAIG 2016	31 NOLLAIG 2015
	€	€
Réiteach an bharrachais oibríochta leis an Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin		
Easnamh Oibríúcháin	(48,220)	(37,339)
Méadú sna suimeanna iníoctha	12,464	17,848
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin	(35,756)	(19,491)
Ráiteas sreabhaidh airgid		
Eis-sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin	(35,756)	19,491)
Laghdú san Airgead Tirim	(35,756)	(19,491)

Nótaí ag dul leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn chun críocha cuntasaíochta arna ghlacadh ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Thosaigh an Bord ag feidhmiú ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é ar an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a eascraíonn astu.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Bhord Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), á fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a dhéantar measúnú orthu ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm arna fhormheas ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí) 2000. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach na beartais chuntasaíochta seo a leanas chun déileáil leis na nithe a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

d) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go 31 Nollaig 2016.

e) Airgeadra

Rinneadh na ráitis airgeadais a chur i láthair in Euro (€) atá ina airgeadra feidhmeach ag an mBord freisin.

f) Deontais ón Oireachtas

Freagraíonn ioncam ó dheontais oireachtais d'fháltais airgead tirim iarbhíre sa bhliain ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana ar son fhoireann* an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

g) Aoisliúntas

Clúdaítear foireann na Roinne* a ceapadh chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB i socruithe pinsin ábhartha na Roinne. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar an mBord do Phinsin.

*Nóta: Tá trí bhall foirne buan i Rúnaíocht an MCIB agus iad ceaptha ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

h) Suimeanna infhála

Aithnítear suimeanna infhála ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is soláthar ar leith é an soláthar in aghaidh fiach amhrasach, agus cuirtear i bhfeidhm é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ábalta na suimeanna atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach athrú sa soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe.

i) Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim

Áirítear leis an airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim aon iarmhéid airgid, tascí coimeáda faoi ghlaoch ag bainc, agus infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíocht tráth a n-eisiúna acu de thrí mhí nó níos lú, chomh maith le rótharraingtí bainc. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

Nóta 2. Creidiúnaithe – suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin

	2016	2015
	€	€
Creidiúnaithe – suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin		
Speansais Fhabhráithe	(65,157)	(52,693)

Nóta 3. Speansais Imscrúdú Timpistí

I rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016, chríochnaigh an Bord 8 n-imscrúdú agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha ar gach ceann díobh. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí 11 imscrúdú idir lámha agus iad gan a bheith críochnaithe. Is é costas ionchasach na hoibre seo ná €40,700 agus tá sé seo curtha san áireamh sa bhfigiúr maidir le speansais fhabhráithe i nóta 2.

Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt foireann Rúnaíochta bhuan de thriúr ar fáil. Fuair an Roinn na costaisí foirne ar ais ó chionroinnt dheontas an Bhoird. Bhí 3 fhostaí ag an mBord ag deireadh 2016 agus 3 fhostaí ag deireadh 2015.

Nóta 5. Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Comhalta Boid	2016	2015
	€	€
Cliona Cassidy	7,618	7,618
Brian Keane	1,270	5,079
Michael Frain	5,079	5,079
Brian Hogan	-	-
Jurgen White	-	-
Táillí Iomlán	13,967	17,776

Nótaí 6. Costais Taistil Chomhaltaí an Bhoird

Íocadh costais taistil iomlán de €2,431 le comhaltaí an Bhoird i 2016 le freastal a dhéanamh ar Chruinnithe an Bhoird i rith 2016; fuair Brian Keane €162 agus fuair Michael Frain €2,269. Íocadh na speansais ar fad i gcomhréir le Rátaí Taistil na Státseirbhíse.

Nóta 7. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt áitreabh ar fáil don Bhord saor in aisce, lena n-áirítear úsáid shócmhainní seasta, ag áitreabh na Roinne ar Lána Liosain, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chuid costais oibriúcháin féin ach amháin na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt saor in aisce:

- Guthán & Facs
- Postas, Stáiseanóireacht & costais priontála inmheánaí
- Glantachán
- Costais oifige eile lena n-áirítear solas agus teas.

Nóta 8. Cáin

De réir Ailt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus ní gá é a shonrú sna ráitis airgeadais.

Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí boird ar fad i gcomhréir le hAilt 17 agus 18 den Acht um Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taisimí), 2000.

Nóta 10. Cruinnithe Boird

Cruinníonn an Bord le chéile ar bhonn rialta chun a fheidhmíocht a athbhreithniú. I 2016, ba é seo a leanas líon na gcruinnithe a rinne gach Comhalta Boird ar leith freastal orthu:

Brian Hogan	10
Brian Keane (Éirithe as Márta 2016)	1
Cliona Cassidy	10
Michael Frain	9
Jurgen Whyte	10

Nóta 11. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 13 Meitheamh 2017.



Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493. www.mcib.ie